**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** | **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 15 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**2024/0011(COD)**

**PE-CONS 32/25**

**TRANS 277**
**MAR 101**
**CODEC 941**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2005/44/CE maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal |

**TREOIR (AE) 2025/…**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Treoir 2005/44/CE**
**maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann comhchuibhithe**
**ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

1 IO C, C/2024/4064, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4064/oj.

2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Deireadh Fómhair 2025 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an ….

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], bunaítear creat um cur in úsáid agus úsáid seirbhísí faisnéise tráchta abhann comhchuibhithe san Aontas. Le cur in úsáid seirbhísí faisnéise tráchta abhann ar uiscebhealaí intíre, tacaítear le sábháilteacht agus éifeachtúlacht an iompair d'uiscebhealaí intíre, agus ar deireadh, le hinbhuanaitheacht agus tarraingteacht na hearnála sin, trí mhéadú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na n-oibríochtaí iompair uiscebhealaí intíre.

3 Treoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS) comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal (IO L 255, 30.9.2005, lch. 152, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2005/44/oj).

(2) Ó tháinig Treoir 2005/44/CE i bhfeidhm, thairbhigh earnáil na n-uiscebhealaí intíre de sholáthar seirbhísí faisnéise tráchta abhann comhchuibhithe. Mar sin féin, tá éagsúlacht idir na Ballstáit maidir le leibhéal an chomhchuibhithe, agus cruthaíodh gurbh fhadálach é an próiseas chun na sonraíochtaí ba ghá a thabhairt isteach. Ina theannta sin, iarrtar i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teideal The European Green Deal [An Comhaontú Glas don Eoraip] go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar shoghluaisteacht ilmhódach uathoibrithe agus nasctha. Dá bhrí sin, ba cheart seirbhísí faisnéise tráchta abhann a oiriúnú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua sin. Thairis sin, i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2020 dar teideal Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future [Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don todhchaí], moltar athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 2005/44/CE mar cheann de na bearta chun an cuspóir a bhaint amach maidir le cruthú córais iompair fhíorchliste, leithdháileadh éifeachtúil acmhainneachta agus bainistiú tráchta a chur chun cinn. I dteachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2021, leagadh amach plean gníomhaíochta dar teideal NAIADES III: Boosting future-proof European inland waterway transport [NAIADES III: Borradh a chur faoin iompar ar uiscebhealaí intíre san Eoraip a sheasfaidh an aimsir], ina luaitear, chun tacú leis an gcuspóir go mbeadh uiscebhealaí intíre mar chuid de chóras rianúil seirbhísí faisnéise tráchta abhann comhchuibhithe faoi 2030, go mbeadh sé d'aidhm ag athbhreithnithe ar an gcreat dlíthiúil maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann cuidiú leis na bearnaí comhchuibhithe agus idir-inoibritheachta atá ann cheana le modhanna iompair eile a dhúnadh, agus rannchuidiú le hinfhaighteacht sonraí, athúsáid agus idir-inoibritheacht na gcóras digiteach a fheabhsú, i gcomhréir le teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2020 dar teideal A European strategy for data [Straitéis Eorpach maidir le sonraí]. Ba cheart na hathruithe agus na forbairtí sin, chomh maith leis an taithí a fuarthas trí chur chun feidhme Threoir 2005/44/CE, a chur san áireamh agus seirbhísí faisnéise tráchta abhann á n-oiriúnú.

(3) Ar mhaithe le cur chuige comhleanúnach a ghlacadh maidir le hidir-inoibritheacht in earnáil na seirbhíse poiblí, agus an t-ardán leictreonach pointe rochtana aonair le haghaidh seirbhísí faisnéise tráchta abhann (‘an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann’) agus réitigh eile a thagann faoi raon feidhme Threoir 2005/44/CE á gcur chun feidhme, ba cheart na prionsabail a leagtar síos sa Chreat Eorpach Idir-inoibritheachta (CEI), a leagtar amach i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Márta 2017 dar teideal European Interoperability Framework – Implementation Strategy [An Creat Eorpach Idir-inoibritheachta — Straitéis Cur Chun Feidhme], de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2024/903 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], a leanúint.

(4) Le Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], leagtar síos ceanglais maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (‘TEN-T’) a fhorbairt chun feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a bhaint amach, agus tá sé d’aidhm ag an Rialachán a áirithiú go mbeidh na seirbhísí ardcháilíochta céanna ar fáil agus comhoiriúnach le córais na modhanna iompair eile ar feadh an ghréasáin sin.

---

**4** Rialachán (AE) 2024/903 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach) (IO L, 2024/903, 22.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/903/oj).

5 Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO L, 2024/1679, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj).

(5) Ós rud é gur de chineál idirnáisiúnta iad formhór na dturas a dhéanann soithí uiscebhealaí intíre, ba cheart seirbhísí faisnéise tráchta abhann a dhíriú ar uiscebhealaí intíre na mBallstát sin ar cuid de TEN-T iad agus atá nasctha go díreach le huiscebhealaí intíre Ballstáit eile ar cuid de TEN-T iad freisin, agus a bhfuil, dá bhrí sin, an-tábhacht ag baint leo don Aontas. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann leanúint de na ceanglais maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann a leathnú, ar bhonn deonach, chun codanna dá ngréasán uiscebhealaí intíre a chuimsiú cé is moite de na huiscebhealaí sin ar cuid de TEN-T iad chun sainiúlachtaí náisiúnta a chur san áireamh. I gcomhthéacs trasteorann, ba cheart ceann de na Ballstáit lena mbaineann a bheith in ann seirbhísí faisnéise tráchta abhann a sholáthar freisin. Ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát oibriú i gcomhar le chéile d'fhonn seirbhísí faisnéise tráchta abhann a sholáthar ar uiscebhealaí intíre trasteorann.

(6) I bhfianaise chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, níl comhar idir an tAontas agus an Rúis i réimse na seirbhísí faisnéise tráchta abhann iomchuí ná chun leas an Aontais. Mar thoradh air sin, níl comhar trasteorann maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann leis an Rúis ina thosaíocht a thuilleadh ar chríoch na mBallstát.

(7) Léirigh an taithí a fuarthas ó chur i bhfeidhm Threoir 2005/44/CE go bhfuil sé tábhachtach na sonraíochtaí teicniúla a láidriú, arb iad na sonraíochtaí teicniúla sin a bhaineann le sonraí chun loingseoireacht agus pleanáil turas ar uiscebhealaí intíre a sholáthar, chun feabhas a chur ar cháilíocht agus tráthúlacht na faisnéise a sholáthraítear d'úsáideoirí seirbhísí faisnéise tráchta abhann. Sa Chóras Eorpach um Bainistiú Sonraí Tagartha (ERDMS), tá sonraí tagartha agus liostaí cód a bhfuil gá leo ar mhaithe le feidhmiú cuí na seirbhísí faisnéise tráchta abhann agus is é an Coimisiún a chuir an córas ar bun agus a oibríonn faoi láthair é. D'fhéadfaí oibríocht ERDMS a aistriú chuig tríú páirtí amach anseo.

(8) Le faisnéis chruinn atá cothrom le dáta maidir leis an mbail atá ar an seolbhealach agus ar phointí sonracha, amhail droichid, loic agus calafoirt intíre, a bheith ar fáil d'úsáideoirí seirbhísí faisnéise tráchta abhann le linn na loingseoireachta, táthar ag súil go gcuirfear feabhas ar éifeachtúlacht fhoriomlán na hearnála uiscebhealaí intíre. Dá bhrí sin ba cheart a chuimsiú le seirbhísí faisnéise tráchta abhann malartuithe sonraí, a bheidh cothrom le dáta, le córais bainistíochta leath-uathoibrithe agus lán-uathoibrithe um bonneagar amhail loic agus droichid inaistrithe, mar aon le córais pobail calafoirt na gcalafort intíre.

(9) Chun go mbeifear in ann idirnascadh a dhéanamh idir seirbhísí faisnéise tráchta abhann agus an slabhra lóistíochta, tá sé tábhachtach go gcomhroinnfear faisnéis, ní hamháin i measc úsáideoirí an iompair uiscebhealaí intíre, mar shampla trí chórais pobail calafoirt na gcalafort intíre agus córais chliste um bonneagar uiscebhealaí intíre, ach le córais agus feidhmchláir le haghaidh modhanna iompair eile freisin. Leis na hIonaid Ilfhreastail Mhuirí Náisiúnta (MNSW) laistigh den timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí (EMSWe), a bunaíodh le Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], ba cheart tuairisciú comhchuibhithe long ar fud an Aontais sa mhuiriompar a chumasú. Leis an malartú faisnéise a bhaineann le trácht, mar shampla amanna teachta agus imeachta, d'áiritheofaí idir-inoibritheacht, ilmhódúlacht, agus comhtháthú rianúil an iompair uiscebhealaí intíre leis an slabhra lóistíochta foriomlán. Ba cheart an fhaisnéis leictreonach faoi iompar lastais (eFTI), a bunaíodh le Rialachán (AE) 2020/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], a bheith mar bhonn chun faisnéis lastais maidir le hearraí contúirteacha agus dramhaíl a mhalartú idir úsáideoirí seirbhísí faisnéise tráchta abhann i gcás inar gá. Nuair is gá, ba cheart do sheirbhísí faisnéise tráchta abhann naisc a chumasú le córais dhigiteacha agus ardáin modhanna eile iompair agus faisnéis a chur ar fáil dóibh.

---

6 Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/65/AE (IO L 198, 25.7.2019, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1239/oj).

7 Rialachán (AE) 2020/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais (IO L 249, 31.7.2020, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/1056/oj).

(10) Maidir leis an malartú faisnéise idir soithí uiscebhealaí intíre agus calafoirt intíre, maidir le hinfhaighteacht suiteálacha calafoirt, amanna oibriúcháin, nó faisnéis faoi shoithí agus lastas, mar shampla, ní i gcónaí a bhíonn an malartú sin optamach, rud ag a bhfuil tionchar ar éifeachtúlacht na n-oibríochtaí iompair uiscebhealaí intíre. Baineann tábhacht ar leith le faisnéis faoi infhaighteacht bonneagair breoslaí malartacha i gcalafoirt intíre i dtaca le feidhmíocht chomhshaoil na hearnála a chur chun cinn. Chun an malartú faisnéise sin a shimpliú agus a chuíchóiriú agus chun éifeachtúlacht fhoriomlán na hearnála a fheabhsú, tá sé tábhachtach comhéadain chaighdeánaithe a bhunú agus iad a bheith mar chuid de sheirbhísí faisnéise tráchta abhann agus na sonraíochtaí teicniúla is gá a fhorbairt.

(11) Le húsáid na Timpeallachta Eorpaí um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann, ba cheart soláthar seirbhísí faisnéise tráchta abhann a chuíchóiriú, éifeachtúlacht oibríochtaí iompair ar uiscebhealaí intíre a fheabhsú agus an t-ualach ar sholáthraithe agus úsáideoirí seirbhísí faisnéise tráchta abhann a laghdú. Leis an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann, ba cheart tacú le seirbhísí ábhartha, ba cheart an t-ardán féin a bheith ina phointe lárnach chun faisnéis seirbhísí faisnéise tráchta abhann a mhalartú laistigh den earnáil uiscebhealaí intíre agus le modhanna iompair eile chomh maith, agus dá bhrí sin, ba cheart í a bheith ina cnámh droma dhigiteach ó thaobh na seirbhísí sin a sholáthar san Aontas. Ba cheart do na Ballstáit údarás inniúil amháin nó níos mó a ainmniú a bheidh freagrach as an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann a oibriú. Is rialaitheoirí iad na húdaráis inniúla sin, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], chun an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann a oibriú.

---

8 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

(12) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann a thabhairt isteach, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun an creat a bhunú maidir leis an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann a fhorbairt agus a fheidhmiú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9].

(13) Níor cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme faoin Treoir seo a ghlacadh i gcás nach dtugann an coiste dá dtagraítear sa Treoir seo aon tuairim, mar shampla i gcás nach bhfuil tromlach cáilithe ann chun tacú le tuairim, bíodh sí dearfach nó diúltach, agus i gcás nach gcuirtear an dréachtghníomh cur chun feidhme faoi bhráid an choiste achomhairc nó i gcás ina dtugann an coiste achomhairc tuairim dhiúltach uaidh. I gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún oibriú i gcomhar le chéile chun na saintréithe oibríochtúla, na róil agus na nósanna imeachta is gá a bhunú go pras don Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann.

(14) Tá comhar le tríú tíortha, go háirithe tíortha comharsanacha, ábhartha chun nasc agus idir-inoibritheacht a áirithiú idir an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann agus seirbhísí faisnéise tráchta abhann náisiúnta na dtríú tíortha sin.

---

9 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

(15) Leis an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann, ba cheart socrú a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht d'úsáideoirí seirbhísí faisnéise tráchta abhann aiseolas a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo agus a áirithiú go dtarchuirfear an t-aiseolas sin chuig an mBallstát lena mbaineann. Ba cheart do na Ballstáit nós imeachta simplí agus inrochtana a chur ar bun chun an t-aiseolas sin a láimhseáil ar bhealach trédhearcach neamhchlaonta. Ba cheart d'údaráis na mBallstát comhoibriú chun aiseolas a bhaineann le gnéithe trasteorann a láimhseáil, amhail caighdeáin neamhréireacha maidir le faisnéis faoi shoithí a thuairisciú, ós rud é go n-áirítear turais idirnáisiúnta in 75 % d'oibríochtaí iompair ar uiscebhealaí intíre. Le hanailís ar ábhar an aiseolais a fhaightear, chomh maith lena mhinicíocht, is féidir méid chomhlíonadh na Treorach seo a shainaithint, agus ar an gcaoi sin tacú le faireachán ar chur chun feidhme trí réimsí a shainaithint inar féidir feabhas a chur ar an gcur chun feidhme. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go ndéanfaí an fhaisnéis sin a bhailiú agus a sholáthar don Choimisiún ar bhonn bliantúil.

(16) Ba cheart forbairt sonraíochtaí teicniúla a bheith de réir tacar prionsabal, go háirithe na prionsabail a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo, chun cur chun feidhme cuí agus comhchuibhithe Threoir 2005/44/CE a áirithiú. Leis na prionsabail sin, ba cheart na príomheilimintí a leagan amach ba cheart a bheith i ngach comhpháirt de sheirbhísí faisnéise tráchta abhann.

(17) Leis na ceanglais agus na sonraíochtaí teicniúla maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann, ba cheart an méid seo a leanas a áirithiú go háirithe: nach féidir sonraí um sheirbhísí faisnéise tráchta abhann ar sonraí pearsanta iad faoi Rialachán (AE) 2016/679 a phróiseáil ach amháin i gcomhréir le córas cuimsitheach cearta-bhunaithe um rialú rochtana lena soláthraítear feidhmiúlachtaí sannta; gur féidir le gach údarás inniúil rochtain láithreach a bheith acu ar na sonraí sin i gcomhréir lena n-inniúlachtaí rialála faoi seach; go gcuirfear bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí chun feidhme chun a áirithiú gur féidir sonraí pearsanta a phróiseáil trí mhodhanna leictreonacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10], lena n-áirítear chun críoch cosanta ar sháruithe ar shonraí pearsanta; agus gur féidir faisnéis tráchtála íogair a phróiseáil ar bhealach lena n-urramaítear rúndacht na faisnéise sin.

---

**10** Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

(18) Chun an loingseoireacht shábháilte agus is fearr a áirithiú i leith soithí ar uiscebhealaí intíre, ba cheart na Ballstáit a bheith ar an eolas faoi shuíomh na soithí uiscebhealaí intíre uile, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as sonraí ó chórais aitheantais uathoibríocha (AIS). Ba cheart do na Ballstáit faisnéis a bhaineann le seirbhísí faisnéise tráchta abhann a mhalartú freisin chun éifeachtúlacht na seirbhísí sin a mhéadú agus na ceanglais maidir le tuairisciú a laghdú. I gcás ina bhfuil, chun na gcríoch sin, próiseáil sonraí pearsanta i gceist le tarchur agus malartú faisnéise a bhaineann le seirbhísí faisnéise tráchta abhann, amhail próiseáil ainmneacha nó próiseáil sonraí suímh nuair is féidir duine a shainaithint leis an bpróiseáil sin, go díreach nó go hindíreach, ba cheart do na Ballstáit dlíthiúlacht phróiseáil na sonraí pearsanta sin a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11], i gcás inarb infheidhme.

---

11 Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/58/oj).

(19) Chun a áirithiú go soláthrófar d'úsáideoirí seirbhísí faisnéise tráchta abhann an fhaisnéis is gá a bhaineann leis an loingseoireacht agus pleanáil turas ar uiscebhealaí intíre, agus an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil á chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na híoscheanglais maidir le sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2005/44/CE a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[12]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(20) I gcás ina dtabharfar údar cuí leis le hanailís iomchuí agus in éagmais caighdeáin idirnáisiúnta atá ábhartha agus cothrom le dáta chun sábháilteacht na loingseoireachta a áirithiú, nó i gcás inarb amhlaidh mar gheall ar athruithe ar phróiseas cinnteoireachta an choiste Eorpaigh um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre (CESNI) nó mar gheall ar thoradh an phróisis cinnteoireachta sin go ndéanfaí dochar do leasanna an Aontais, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le hIarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2005/44/CE a leasú chun sonraíochtaí teicniúla iomchuí a sholáthar le haghaidh seirbhísí faisnéise tráchta abhann, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2005/44/CE agus é mar aidhm leis leasanna an Aontais a choimirciú.

---

12 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1,
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

(21) Leis an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme Threoir 2005/44/CE, léirítear go raibh tionchar ag an tréimhse fhadálach maidir le sonraíochtaí teicniúla a thabhairt isteach agus a thabhairt cothrom le dáta ar fheidhmíocht na hearnála. Dá bhrí sin tá sé tábhachtach athrú a dhéanamh ar an bpróiseas lena dtugtar sonraíochtaí teicniúla isteach.

(22) Tugadh próiseas isteach le Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] bunaithe ar shonraíochtaí teicniúla a d'fhorbair CESNI. Is é CESNI, a ghníomhaíonn faoi choimirce an Lárchoimisiúin um Loingseoireacht ar an Réin agus atá oscailte do shaineolaithe ó na Ballstáit uile, atá freagrach as na caighdeáin theicniúla a tharraingt suas i réimse an iompair uiscebhealaí intíre. Léirigh taithí go bhfuil ceanglais theicniúla maidir le soithí loingseoireachta intíre forbartha agus tugtha cothrom le dáta ag CESNI ar bhealach eagraithe agus tráthúil. Agus saineolas CESNI á chur san áireamh, mar aon leis an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme Threoir (AE) 2016/1629, ba cheart cur chuige comhchosúil a chur i bhfeidhm maidir le Treoir 2005/44/CE.

(23) Chun ardleibhéal sábháilteachta agus éifeachtúlachta sa loingseoireacht intíre a áirithiú, chun a áirithiú go soláthrófar seirbhísí faisnéise tráchta abhann agus chun dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil agus forbairtí eile san earnáil a chur san áireamh, ba cheart an tagairt do na sonraíochtaí teicniúla is infheidhme maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann, is é sin an Caighdeán Eorpach maidir le Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann, ba cheart an tagairt sin a bheith ina dlúthchuid de Threoir 2005/44/CE.

---

13 Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 118, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/1629/oj).

(24) Cuireadh deireadh leis an gCoiste um dheimhnithe máistrí báid chun earraí agus paisinéirí a iompar d'uiscebhealach intíre dá dtagraítear in Airteagal 11 de Threoir 2005/44/CE. Ina ionad sin, ba cheart don Choiste um Iompar ar Uiscebhealaí Intíre, ag a bhfuil saineolas ar chaighdeáin agus ar shonraíochtaí teicniúla in earnáil na n-uiscebhealaí intíre, cúnamh a thabhairt don Choimisiún i leith seirbhísí faisnéise tráchta abhann mar choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Thairis sin, leis an Treoir seo tugtar leasuithe isteach ar Airteagail 5 agus 12 de Threoir 2005/44/CE a bhaineann leis an nós imeachta coiste. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 11 de Threoir 2005/44/CE a leasú chun na hathruithe sin a léiriú.

(25) Chun críocha na rialála níos fearr agus an tsimpliúcháin, ba cheart é a bheith indéanta tagairt a dhéanamh i dTreoir 2005/44/CE do chaighdeáin idirnáisiúnta gan macasamhlacha díobh a chruthú i gcreat dlíthiúil an Aontais.

(26) Bunaíodh seirbhísí faisnéise tráchta abhann san Aontas in 2005, agus ó shin i leith tá taithí nach beag faighte ag na Ballstáit ar na seirbhísí sin a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Thairis sin, na sonraíochtaí teicniúla is gá le haghaidh fheidhmiú na seirbhísí faisnéise tráchta abhann, áirítear iad in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2005/44/CE. I ndáil leis an méid sin, ba cheart Airteagal 12(2) de Threoir 2005/44/CE a scriosadh. Ina theannta sin, trí leasú a dhéanamh ar raon feidhme Threoir 2005/44/CE chun díriú ar TEN-T, is infheidhme an ceanglas chun seirbhísí faisnéise tráchta abhann a chur chun feidhme ar na huiscebhealaí intíre is tábhachtaí, rud lena gcruthófar gréasán iompair iontaofa. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 12(3) de Threoir 2005/44/CE a scriosadh.

(27) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, is gá agus is iomchuí go leagfar síos rialacha maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann a bhunú agus a oibriú agus maidir lena sonraíochtaí teicniúla, chun an bunchuspóir a ghnóthú go mbunófar creat um sholáthar seirbhísí faisnéise tráchta abhann san Aontas. I gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí atá á saothrú a ghnóthú.

(28) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé tuairim uaidh an 20 Márta 2024.

(29) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2005/44/CE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasuithe ar Threoir 2005/44/CE*

Leasaítear Treoir 2005/44/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

*'Airteagal 1*

*Ábhar*

1. Leis an Treoir seo, bunaítear creat le haghaidh cur in úsáid agus úsáid seirbhísí faisnéise tráchta abhann comhchuibhithe san Aontas chun tacú leis an iompar uiscebhealaí intíre d'fhonn sábháilteacht, éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht an iompair sin a fheabhsú agus comhéadain le modhanna iompair eile a éascú.

2. Déantar foráil sa Treoir seo maidir le creat le haghaidh ceanglais theicniúla, sonraíochtaí teicniúla agus coinníollacha teicniúla a bhunú agus a fhorbairt tuilleadh chun seirbhísí faisnéise tráchta abhann comhchuibhithe, idir-inoibritheacha agus inrochtana a áirithiú ar uiscebhealaí intíre san Aontas agus chun leanúnachas le seirbhísí bainistithe tráchta na modhanna iompair eile a éascú, trí chomhéadain chaighdeánaithe a úsáid.';

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le cur chun feidhme agus oibriú na seirbhísí faisnéise tráchta abhann ar uiscebhealaí intíre agus ar chalafoirt intíre uile na mBallstát ar cuid den ghréasán tras-Eorpach iompair iad, mar a shonraítear agus a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*], agus atá nasctha go díreach le huiscebhealaí intíre agus calafoirt intíre Ballstáit eile ar cuid den ghréasán tras-Eorpach iompair iad, mar a shonraítear agus a liostaítear sna hIarscríbhinní sin.

---

[*] Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO L, 2024/1679, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj).';

(3) in Airteagal 3, cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

'(i) ciallaíonn 'gréasán tras-Eorpach iompair' nó 'TEN-T' uiscebhealaí intíre mar a shonraítear sna léarscáileanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1679;

(j) ciallaíonn 'Córas Eorpach um Bainistiú Sonraí Tagartha' nó 'ERDMS' stóras (leabharlann) atá ina phointe rochtana aonair le haghaidh sonraí tagartha agus liostaí cód a mbaineann feidhmchláir TF úsáid astu san iompar uiscebhealaí intíre arna oibriú faoi údarás an Choimisiúin; ní áirítear ann na sonraí gréasáin arna soláthar ag an mBallstát i gcomhréir le hIarscríbhinní I agus III;

(k) ciallaíonn 'córas pobail calafoirt' ardán leictreonach chun faisnéis a mhalartú idir páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha chun próisis rianúla calafoirt agus lóistíochta a áirithiú;

(l) ciallaíonn 'córas bonneagair uiscebhealaí intíre cliste' ardán leictreonach a thacaíonn le bainistíocht leath-uathoibrithe agus lán-uathoibrithe bhonneagar an iompair uiscebhealaí intíre i loic agus droichid inaistrithe in TEN-T agus atá á oibriú ag údaráis phoiblí um bainistiú uiscebhealaí intíre;

(m) ciallaíonn 'Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann' ardán leictreonach atá ina phointe rochtana aonair bunaithe ar fhaisnéis náisiúnta na seirbhísí faisnéise tráchta abhann a chuireann seirbhísí teicniúla agus oibríochtúla ar fáil d'úsáideoirí seirbhísí faisnéise tráchta abhann agus ina bhfuil naisc chuig tuairisciú leictreonach de réir 'prionsabal na haonuaire';

(n) ciallaíonn 'calafoirt intíre' calafort uiscebhealaigh intíre de chroíghréasán TEN-T nó de ghréasán cuimsitheach TEN-T, mar a dhéantar a liostú agus a chatagóiriú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1679.';

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

*'Airteagal 4*
*Seirbhísí faisnéise tráchta abhann a chur ar bun*

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun seirbhísí faisnéise tráchta abhann a chur chun feidhme ar uiscebhealaí intíre agus calafoirt intíre atá faoi raon feidhme na Treorach seo.

2. Forbróidh na Ballstáit seirbhísí faisnéise tráchta abhann ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh feidhmchlár na seirbhísí faisnéise tráchta abhann éifeachtúil, inleathnaithe agus idir-inoibritheach chun gur féidir leis idirghníomhú le feidhmchláir eile seirbhísí faisnéise tráchta abhann agus le córais le haghaidh modhanna iompair eile, agus comhéadain a sholáthar do chórais bainistíochta iompair agus gníomhaíochtaí tráchtála an tráth céanna freisin.

3. Chun seirbhísí faisnéise tráchta abhann a bhunú, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) a áirithiú go soláthrófar d'úsáideoirí seirbhísí faisnéise tráchta abhann na sonraí ábhartha uile a bhaineann leis an loingseoireacht agus pleanáil turas ar uiscebhealaí intíre; coinneofar na sonraí gréasáin sin, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I, cothrom le dáta agus soláthrófar iad i bhformáid leictreonach choiteann inrochtana, ar a laghad, i gcomhréir le hIarscríbhinn III;

(b) a áirithiú go mbeidh, i dteannta na sonraí dá dtagraítear i bpointe (a), cairteacha leictreonacha loingseoireachta atá oiriúnach chun críocha na loingseoireachta ar fáil d'úsáideoirí seirbhísí faisnéise tráchta abhann ar uiscebhealaí intíre agus na calafoirt intíre uile dá gcuid atá in TEN-T;

(c) a mhéid a cheanglaítear an tuairisciú long de réir rialacháin náisiúnta nó rialacháin idirnáisiúnta, é a chur ar a gcumas do na húdaráis inniúla tuarascálacha leictreonacha long de na sonraí uile a cheanglaítear a fháil ó longa; i gcás iompar trasteorann, cuirfear na sonraí sin ar fáil ina n-iomláine d'údaráis inniúla an Bhallstáit chomharsanaigh sula dtiocfaidh na soithí chuig an teorainn;

(d) a áirithiú, maidir le fógraí do scipéirí, lena n-áirítear maidir leis an leibhéal uisce nó uasdoimhneacht snámha incheadaithe agus tuarascálacha oighir i dtaca lena n-uiscebhealaí intíre, go soláthrófar na fógraí sin mar theachtaireachtaí caighdeánaithe, ionchódaithe agus in-íoslódáilte; sa teachtaireacht chaighdeánaithe, beidh, ar a laghad, an fhaisnéis is gá le haghaidh loingseoireacht shábháilte agus coinneofar na fógraí do scipéirí cothrom le dáta agus soláthrófar iad i bhformáid leictreonach choiteann inrochtana, ar a laghad, i gcomhréir le hIarscríbhinn III;

(e) a áirithiú go gcoimeádfar na sonraí gréasáin ar an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann cothrom le dáta trí na sonraí líonra uile is gá a sholáthar i gcomhréir le hIarscríbhinní I agus III gan mhoill;

(f) a áirithiú, nuair atá sí ar fáil, go gcuirfear, ar a laghad, faisnéis a bhaineann le trácht ar fáil trí chomhéadain de réir na sonraíochtaí teicniúla a leagtar síos i gcomhréir le pointe 7 d'Iarscríbhinn II, i gcás inarb infheidhme, do thimpeallachtaí leictreonacha malartaithe faisnéise arna mbunú faoi dhlí an Aontais agus a mbaintear úsáid astu i modhanna eile iompair;

(g) a áirithiú go gcuirfear comhéadain chaighdeánaithe i gcomhréir le hIarscríbhinní II agus III a ghabhann leis an Treoir seo ar fáil do chórais pobail calafoirt na gcalafort intíre, lena n-áirítear, nuair atá sí ar fáil, faisnéis cothrom le dáta maidir le hinfhaighteacht beart agus infhaighteacht bonneagair breoslaí malartacha, agus go háirithe na suiteálacha a cheanglaítear de bhun Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2023/1804 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;

(h) a áirithiú go gcuirfear comhéadain chaighdeánaithe i gcomhréir le hIarscríbhinní II agus III ar fáil do chórais bonneagair uiscebhealaí intíre chliste eile chun trácht uiscebhealaí intíre a bhainistiú.

Déanfar na hoibleagáidí dá dtagraítear sa mhír seo a chomhlíonadh i gcomhréir leis na ceanglais agus na prionsabail a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II.

4. Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát lárionaid seirbhísí faisnéise tráchta abhann a bhunú de réir riachtanais réigiúnacha.

5. Déanfaidh na Ballstáit Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann, lena soláthraítear seirbhísí a bhaineann le seolbhealaí, bonneagar, trácht agus iompar, a chruthú, a rialú, a oibriú, a úsáid agus a chothabháil go comhpháirteach agus soláthróidh siad na sonraí is gá. Beidh an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann inrochtana le haghaidh úsáideoirí uile na seirbhísí sin agus is é an príomhardán a bheidh inti chun faisnéis a bhaineann leis na seirbhísí faisnéise tráchta abhann a mhalartú. Beidh comhéadain inti le haghaidh naisc le córais modhanna eile iompair agus calafort intíre. Ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagrach as an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann a oibriú. Leis an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann, beifear in ann ranníocaíochtaí a dhéanamh ó thríú tíortha a bhfuil a n-uiscebhealaí nasctha le gréasán Eorpach na n-uiscebhealaí intíre agus atá sásta comhoibriú le chéile agus a sonraí gréasáin a sholáthar, ar choinníoll go bhfuil na sonraí ar cháilíocht agus ar fhormáid chomhionann le cáilíocht agus formáid na mBallstát agus go gcloíonn siad leis an leibhéal céanna cibearshlándála agus cosanta sonraí.

6. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos na saintréithe, róil agus nósanna imeachta oibríochtúla le haghaidh na Timpeallachta Eorpaí um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann agus lena sainaithneofar a heintiteas oibriúcháin, bunaithe ar na prionsabail le haghaidh shonraíochtaí teicniúla na seirbhísí sin a leagtar amach i bpointe 6 d'Iarscríbhinn II, chun a áirithiú go ndéanfar iad a chur chun feidhme ar bhonn aonfhoirmeach ar fud an Aontais. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

7. Chun úsáid a bhaint as na córais aitheantais uathoibríocha (AIS), beidh feidhm ag an Socrú Réigiúnach a bhaineann leis an tSeirbhís Radachumarsáide ar Uiscebhealaí Intíre (RAINWAT), a tugadh i gcrích i mBúcairist an 12 Aibreán 2012, faoi chuimsiú rialacháin raidió an Aontais Idirnáisiúnta Teileachumarsáide (ITU).

8. Spreagfaidh na Ballstáit, i gcomhar leis an Aontas, mas iomchuí, máistrí báid, oibreoirí, gníomhairí nó úinéirí soithí a sheolann ar a n-uiscebhealaí intíre agus seoltóirí nó úinéirí earraí arna n-iompar ar bord na soithí sin, chun leas iomlán a bhaint as na seirbhísí a chuirtear ar fáil faoin Treoir seo.

9. Déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí chun idir-inoibritheacht, iontaofacht, infhaighteacht agus sábháilteacht na seirbhísí faisnéise tráchta abhann a fhíorú.

---

* Rialachán (AE) 2023/1804 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartacha agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE (IO L 234, 22.9.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1804/oj).';

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

*'Airteagal 5*
*Sonraíochtaí teicniúla*

1. Chun tacú le seirbhísí faisnéise tráchta abhann agus chun idir-inoibritheacht na seirbhísí a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 4(2), beidh feidhm ag na sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Iarscríbhinn III i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Iarscríbhinn II agus cumhdófar leis na sonraíochtaí sin na réimsí seo a leanas go háirithe:

(a) córas taispeána cairteacha leictreonacha agus faisnéise um loingseoireacht intíre (ECDIS intíre);

(b) tuairisciú leictreonach long;

(c) fógraí do scipéirí;

(d) córais rianaithe agus lorgaireachta soithí;

(e) comhoiriúnacht an trealaimh is gá chun úsáid a bhaint as seirbhísí faisnéise tráchta abhann;

(f) an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann a oibriú;

(g) idirnascadh agus malartú faisnéise le bunachair sonraí an Aontais (ERDMS);

(h) comhéadan caighdeánaithe le haghaidh ardáin TF modhanna eile iompair;

(i) comhéadan caighdeánaithe idir an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann agus córais pobail calafoirt na gcalafort intíre agus idir an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann agus córais bonneagair uiscebhealaí intíre chliste;

(j) sonraí le haghaidh loingseoireachta, agus pleanáil turas ar uiscebhealaí intíre.';

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

*'Airteagal 6*
*Suí satailíte*

Chun críoch seirbhísí faisnéise tráchta abhann, óna bhfuil suíomh beacht ag teastáil, moltar córais suite agus loingseoireachta satailíte a úsáid, ar nós seirbhísí loingseoireachta arna soláthar ag Galileo, lena n-áirítear an tseirbhís ardbheachtais agus Fíordheimhniú Teachtaireachtaí Loingseoireachta Seirbhíse Oscailte agus Breis-seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí (EGNOS) dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*. Chun críocha na bhfeidhmchlár agus na seirbhísí sin a bhraitheann ar shonraí um fhaire na Cruinne, moltar sonraí, faisnéis agus seirbhísí Copernicus a úsáid.

---

* Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj).';

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

*'Airteagal 8*
*Na húdaráis inniúla*

Ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis inniúla a bheidh freagrach as na seirbhísí faisnéise tráchta abhann a chur i bhfeidhm, sonraí a mhalartú go hidirnáisiúnta, an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann a oibriú agus aiseolas ó úsáideoirí na seirbhísí sin a láimhseáil. Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi na húdaráis ainmnithe sin faoin ... [2 sheachtain ó dháta thrasuí na Treorach leasaithí seo].';

(8) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

*'Airteagal 8a*
*Sásra aiseolais*

1. Áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh nós imeachta éifeachtach, simplí agus inrochtana i bhfeidhm, ag tógáil, i gcás inar féidir, ar struchtúir atá ann cheana, chun aiseolas ó úsáideoirí seirbhísí faisnéise tráchta abhann a eascraíonn as cur i bhfeidhm na Treorach seo a láimhseáil.

2. Láimhseálfar an t-aiseolas ó úsáideoirí seirbhísí faisnéise tráchta abhann ar bhealach lena seachnófar coinbhleachtaí leasa. Láimhseálfar aiseolas ar bhealach neamhchlaonta agus trédhearcach agus urramófar go cuí an ceart chun gnó a dhéanamh go neamhshrianta.

3. Cuirfear an t-aiseolas ó úsáideoirí seirbhísí faisnéise tráchta abhann isteach tríd an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann agus tarchuirfear chuig na Ballstáit ábhartha é. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear úsáideoirí seirbhísí faisnéise tráchta abhann agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ar an eolas faoin áit agus faoin gcaoi le haiseolas a chur isteach.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go láimhseálfar an t-aiseolas ó úsáideoirí seirbhísí faisnéise tráchta abhann ar bhealach tráthúil iomchuí agus go soláthrófar an fhaisnéis faoi na bearta leantacha tríd an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann.

5. Cuirfidh an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann an Coimisiún ar an eolas, ar bhonn bliantúil, faoin méid aiseolais a fuarthas agus faoin gcaoi ar láimhseáladh an t-aiseolas.';

(9) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

*'Airteagal 9*
*Rialacha maidir le príobháideachas, slándáil faisnéise agus próiseáil sonraí pearsanta*

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta teicniúla agus eagraíochtúla is gá i gcomhréir le dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme chun faisnéis agus taifid seirbhísí faisnéise tráchta abhann a chosaint ar theagmhais gan choinne nó mí-úsáid, lena n-áirítear rochtain mhíchuí, athrú nó caillteanas, agus chun rúndacht na faisnéise tráchtála agus na faisnéise íogaire eile a mhalartaítear de bhun na Treorach seo a áirithiú.

2. Ní fhéadfar sonraí ar sonraí pearsanta iad mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (1), de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a phróiseáil ar bhonn na Treorach seo ach amháin a mhéid is gá an phróiseáil sin a dhéanamh chun feidhmchláir seirbhísí faisnéise tráchta abhann a oibriú, chun seirbhísí faisnéise tráchta abhann comhchuibhithe, idir-inoibritheacha agus inrochtana a áirithiú ar uiscebhealaí intíre san Aontas agus chun comhéadain chaighdeánaithe le seirbhísí bainistíochta tráchta modhanna eile iompair a éascú.

---

* Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)(IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

*'Airteagal 10*

*Cumhachtaí tarmligthe*

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn I, trí na híoscheanglais maidir le sonraí a thabhairt cothrom le dáta agus a athbhreithniú, agus an taithí a fhaightear ó chur i bhfeidhm na Treorach seo á cur san áireamh, mar aon leis an dul chun cinn teicniúil i dtaca le teicneolaíochtaí agus feidhmchláir seirbhísí faisnéise tráchta abhann a fhorbairt.

2. In éagmais sonraíochtaí teicniúla ábhartha agus cothrom le dáta, nó i gcás nach gcomhlíonann sonraíochtaí teicniúla arna bhforbairt ag an gCoiste Eorpach um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre (CESNI) aon cheann de na ceanglais is infheidhme a leagtar amach in Iarscríbhinn II, nó i gcás inarb amhlaidh mar gheall ar athruithe ar phróiseas cinnteoireachta CESNI nó ar eilimintí eile den chaighdeán go ndéanfaí dochar do leasanna an Aontais, agus i gcás ina dtabharfar údar cuí leis le hanailís iomchuí, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn III chun sonraíochtaí teicniúla iomchuí a sholáthar bunaithe ar na prionsabail a leagtar amach in Iarscríbhinn II.';

(11) leasaítear Airteagal 10a mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 10 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón … [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]. Tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a tharraingt suas i leith tharmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 10 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.';

(12) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

*'Airteagal 11*

*Nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh an Coiste um Iompar ar Uiscebhealaí Intíre cúnamh don Choimisiún. Is coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bheidh sa choiste sin[*].

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás nach dtabharfaidh an coiste aon tuairim uaidh, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

______________

[*] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).';

(13) in Airteagal 12, scriostar míreanna 2 agus 3;

(14) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

*'Airteagal 12a*
*Faireachán*

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur ar bun na seirbhísí faisnéise tráchta abhann san Aontas agus tuairisceoidh sé do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin … [5 bliana ó dháta thrasuí na Treorach leasaithí seo]. Áireofar sa tuarascáil anailís ar thionchar na Treorach seo ar leibhéal comhtháthaithe an iompair ar uiscebhealaí intíre sa slabhra lóistíochta foriomlán agus scrúdófar inti an acmhainneacht atá ag uirlisí digiteacha nua éifeachtúlacht a mhéadú ar fud ghréasán uiscebhealaí intíre TEN-T.';

(15) cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2005/44/CE;

(16) cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2005/44/CE;

(17) an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir seo, cuirtear le Treoir 2005/44/CE é mar Iarscríbhinn III.

*Airteagal 2*

*Trasuí*

1. Na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit ag a bhfuil uiscebhealaí intíre agus calafoirt intíre atá faoi raon feidhme na Treorach seo iad a thabhairt i bhfeidhm faoin … [3 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh an tagairt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar na tagairtí sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 4*

*Seolaithe*

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit ag a bhfuil uiscebhealaí intíre atá faoi raon feidhme Airteagal 2 de Threoir 2005/44/CE.

Arna déanamh i/in/sa …, …

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

# IARSCRÍBHINN I

‘IARSCRÍBHINN I

ÍOSCHEANGLAIS MAIDIR LE SONRAÍ

Amhail dá dtagraítear in Airteagal 4(3), pointe (a), soláthrófar na sonraí a leanas go háirithe:

(a) ais uiscebhealaigh lena ngabhann tásc ciliméadar;

(b) srianta ar shoithí nó ar chonbhuanna ó thaobh faid, leithid, tarraingthe agus airde os cionn an uisce de;

(c) amanna oibrithe struchtúr sriantach, go háirithe loic agus droichid;

(d) agaí feithimh tuartha ag droichid, loic agus calafoirt intíre, i bhfíor-am nuair is ann dó;

(e) suíomh calafort agus láithreán trasloingsithe;

(f) sonraí tagartha le haghaidh tomhais uisceleibhéil atá ábhartha maidir le loingseoireacht;

(g) suíomh agus, nuair is ann di, infhaighteacht reatha bonneagair breoslaí malartacha, lena n-áirítear soláthar leictreachais cois cladaigh.

Coinneofar an fhaisnéis a sholáthrófar cothrom le dáta agus, nuair is féidir, léireoidh sí an cás fíor-ama.’.

## IARSCRÍBHINN II

‘IARSCRÍBHINN II

NA PRIONSABAIL MAIDIR LE SONRAÍOCHTAÍ TEICNIÚLA NA SEIRBHÍSÍ FAISNÉISE TRÁCHTA ABHANN

1. Prionsabail ghinearálta

Le sonraíochtaí teicniúla na seirbhísí faisnéise tráchta abhann, urramófar na prionsabail ghinearálta seo a leanas:

(a) léireofar na ceanglais theicniúla maidir le pleanáil, cur chun feidhme agus úsáid oibríochtúil na seirbhísí agus na gcóras gaolmhar;

(b) ailtireacht agus eagrúchán na seirbhísí faisnéise tráchta abhann;

(c) moltaí do shoithí páirt a ghlacadh i seirbhísí faisnéise tráchta abhann, maidir le seirbhísí aonaracha, agus ar son forbairt chéim ar chéim a dhéanamh ar sheirbhísí faisnéise tráchta abhann.

2. Córas taispeána cairteacha leictreonacha agus faisnéise um loingseoireacht intíre (ECDIS intíre)

Leis na sonraíochtaí teicniúla a bheidh le bunú i gcomhréir le hAirteagal 5 maidir le córas taispeána cairteacha leictreonacha agus faisnéise um loingseoireacht intíre (ECDIS intíre), urramófar na prionsabail seo a leanas:

(a) comhoiriúnacht leis an gcóras taispeána cairteacha leictreonacha agus faisnéise muirí (ECDIS muirí) chun trácht soithí uiscebhealaí intíre i gcriosanna tráchta mheasctha na n-inbhear agus trácht farraige-abhann a éascú;

(b) sonraíocht na n-íoscheanglas maidir le trealamh le haghaidh ECDIS intíre mar aon le híosábhar na gcairteacha leictreonacha loingseoireachta ag féachaint do shábháilteacht na loingseoireachta, go háirithe:

(i) ardleibhéal iontaofachta agus infhaighteachta i dtaca le trealamh ECDIS intíre a úsáidtear;

(ii) stóinseacht threalamh ECDIS intíre chun na dálaí comhshaoil a bhíonn i réim ar bord soithigh go hiondúil a sheasamh, gan aon díghrádú ar cháilíocht ná ar iontaofacht;

(iii) cineálacha uile na réad geografach a chuimsiú sa chairt leictreonach loingseoireachta, mar shampla teorainneacha an tseolbhealaigh, tógálacha líne cladaigh, agus rabhcháin, a bhfuil gá leo le haghaidh na loingseoireachta sábháilte;

(iv) faireachán a dhéanamh ar an gcairt leictreonach trí bhíthin íomhá radair fhorleagtha i gcás ina n-úsáidtear sin chun an soitheach a stiúradh;

(c) faisnéis atá cothrom le dáta maidir le doimhneacht an tseolbhealaigh a chomhtháthú sa chairt leictreonach loingseoireachta agus an fhaisnéis sin a léiriú i ndáil le leibhéal uisce réamhshainithe nó an leibhéal iarbhír;

(d) faisnéis bhreise, mar shampla ó pháirtithe seachas na húdaráis inniúla, a chomhtháthú sa chairt leictreonach loingseoireachta agus an fhaisnéis sin a léiriú in ECDIS intíre gan difear a dhéanamh don fhaisnéis lena bhfuil gá le haghaidh na loingseoireachta sábháilte;

(e) infhaighteacht na gcairteacha leictreonacha loingseoireachta d'úsáideoirí seirbhísí faisnéise tráchta abhann;

(f) infhaighteacht na sonraí le haghaidh cairteacha leictreonacha loingseoireachta do mhonaróirí uile na bhfeidhmchlár, ar mhuirear réasúnach a bhaineann le costas i gcás inarb iomchuí;

(g) faisnéis atá cothrom le dáta maidir leis na hagaí feithimh ag loic, droichid agus calafoirt intíre a chomhtháthú agus faisnéis den sórt sin a léiriú in ECDIS intíre gan difear a dhéanamh don fhaisnéis lena bhfuil gá le haghaidh na loingseoireachta sábháilte.

3. Tuairisciú leictreonach long

Leis na sonraíochtaí teicniúla maidir le tuairisciú leictreonach long sa loingseoireacht intíre i gcomhréir le hAirteagal 5, urramófar na prionsabail seo a leanas:

(a) an malartú sonraí leictreonach a éascú idir údaráis inniúla na mBallstát, idir rannpháirtithe sa loingseoireacht intíre mar aon leis an loingseoireacht mhuirí agus san iompar ilmhódach i gcás ina mbeidh an loingseoireacht intíre i gceist;

(b) úsáid a bhaint as teachtaireacht fógartha iompair chaighdeánaithe le haghaidh teachtaireachtaí ó longa chuig údaráis, ó údaráis chuig longa agus idir údaráis, chun go mbeidh siad comhoiriúnach leis an loingseoireacht mhuirí;

(c) úsáid a bhaint as liostaí cód agus aicmithe a nglactar leo go hidirnáisiúnta, ar liostaí agus aicmithe iad a d'fhéadfaí a chomhlánú le riachtanais bhreise loingseoireachta intíre;

(d) úsáid a bhaint as sainuimhir aitheantais Eorpach soithí.

4. Fógraí do scipéirí

Leis na sonraíochtaí teicniúla maidir le fógraí do scipéirí i gcomhréir le hAirteagal 5, go háirithe maidir le faisnéis faoi sheolbhealaí, faisnéis tráchta agus bainistíocht tráchta mar aon le pleanáil turas ar uiscebhealaí intíre, urramófar na prionsabail seo a leanas:

(a) struchtúr sonraí caighdeánaithe lena mbainfear úsáid as modúil téacs réamhshainithe agus a bheidh ionchódaithe cuid mhór chun go mbeifear in ann an t-inneachar is tábhachtaí a aistriú go huathoibríoch go teangacha eile agus chun comhtháthú fógraí do scipéirí i gcórais pleanála turas a éascú;

(b) comhoiriúnacht an struchtúir sonraí chaighdeánaithe le struchtúr sonraí ECDIS intíre chun comhtháthú fógraí do scipéirí in ECDIS intíre a éascú;

(c) ailíniú le sonraíochtaí teicniúla maidir leis an loingseoireacht agus pleanáil turas ar uiscebhealaí intíre chun comhleanúnachas na faisnéise a sholáthraítear a áirithiú.

5. Córais rianaithe agus lorgaireachta soithí

Leis na sonraíochtaí teicniúla maidir le córais rianaithe agus lorgaireachta soithí i gcomhréir le hAirteagal 5, urramófar na prionsabail seo a leanas:

(a) sonraíocht na gceanglas a bhaineann le córais agus ar theachtaireachtaí caighdeánacha mar aon le nósanna imeachta chun gur féidir iad a sholáthar ar bhealach uathoibrithe;

(b) an difear idir córais a oireann do riachtanais faisnéise tráchta beartaíche, agus córais a oireann do riachtanais faisnéise tráchta straitéisí, ó thaobh an chruinnis aimsithe suímh de mar aon leis an ráta nuashonrúcháin a theastaíonn;

(c) an tuairisc ar na córais theicniúla ábhartha le haghaidh rianú agus lorgaireacht soithí, ar nós córas aitheantais uathoibríoch intíre;

(d) comhoiriúnacht na bhformáidí sonraí leis an gcóras aitheantais uathoibríoch muirí.

6. Na prionsabail oibríochta maidir leis an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann

Leis na sonraíochtaí teicniúla maidir leis an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann i gcomhréir le hAirteagal 5, urramófar na prionsabail seo a leanas:

(a) gníomhú mar ionad ilfhreastail digiteach aonair le haghaidh na loingseoireachta intíre;

(b) pointe rochtana aonair comhchuibhithe le haghaidh faisnéis atá cothrom le dáta ar faisnéis fíor-ama a bheidh inti, más féidir, ar dhálaí seolbhealaí le haghaidh na loingseoireachta, na pleanála turas agus na n-oibríochtaí calafoirt inbhuanaithe agus sábháilte ar feadh TEN-T;

(c) slabhraí iompair ilmhódaigh a chumasú agus leibhéal iomchuí cosanta sonraí a sholáthar an tráth céanna;

(d) ardleibhéal cruinnis sonraí ar mhaithe le malartú sonraí rianúil idir úsáideoirí ábhartha seirbhísí faisnéise tráchta abhann ar feadh TEN-T (laistigh den Aontas agus lasmuigh de);

(e) comhéadan soláimhsithe lena ngabhfaidh feidhmiúlachtaí praiticiúla, úsáideacha agus inseirbhíse, mar shampla an cumas próifílí a shábháil agus a stóráil;

(f) pointe tuairiscithe aonair comhchuibhithe i gcomhréir le 'prionsabal na haonuaire', i gcás turais idirnáisiúnta freisin;

(g) nascadh le córais eile a úsáideann teicneolaíochtaí faisnéise, cumarsáide, loingseoireachta nó aimsithe suímh/logánaithe chun bonneagar, soghluaisteacht agus trácht ar TENT-T a bhainistiú go héifeachtach agus chun seirbhísí breisluacha a sholáthar do shaoránaigh agus d'oibreoirí, lena n-áirítear córais chun go mbainfear úsáid as TEN-T ar bhealach sábháilte, slán, a bheidh fónta ó thaobh an chomhshaoil de agus éifeachtúil ó thaobh acmhainneachta de;

(h) sonraí úsáide comhiomlána agus anaithnidithe a bhailiú agus a thuairisciú, ar sonraí iad is féidir a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme seirbhísí faisnéise tráchta abhann, lena n-áirítear, ar a laghad, líon úsáideoirí na seirbhísí, infhaighteacht sonraí sa Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann, nascadh le córais nó ardáin dhigiteacha eile agus an líon malartuithe leis na córais nó na hardáin sin;

(i) an chibearshlándáil a áirithiú.

7. Infhaighteacht sonraí do chórais nó ardáin dhigiteacha eile

Leis na sonraíochtaí teicniúla maidir le malartú sonraí le córais nó ardáin dhigiteacha eile, i gcomhréir le hAirteagal 5, urramófar na prionsabail a leanas:

(a) tógáil ar na feidhmiúlachtaí a sholáthraítear leis an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann;

(b) an malartú sonraí leictreonach a éascú idir teicneolaíochtaí seirbhísí faisnéise tráchta abhann agus na bunachair sonraí agus córais atá in úsáid ag modhanna iompair eile, trí naisc agus comhéadain sonraí iomchuí;

(c) sonraíocht na gceanglas a bhaineann le córais nó ardáin dhigiteacha eile mar aon le nósanna imeachta um malartú sonraí uathoibrithe;

(d) an malartú fíor-ama faisnéise go háirithe i gcás sonraí a bhfuil práinn ama ag gabháil leo;

(e) an malartú slán faisnéise a áirithiú i gcomhréir le córas cuimsitheach cearta-bhunaithe um rialú rochtana;

(f) coinne a bheith le creat um malartú córas lena mbeifear in ann forbairtí a dhéanamh air amach anseo mar aon le naisc a dhéanamh le córais bhreise de réir mar is gá, lena n-áirítear malartuithe leis an Spás Eorpach Sonraí Gluaisteachta a bheidh ann amach anseo agus le haon chóras eile a dhearfar chun nuálaíochtaí san iompar ilmhódach a chur chun cinn.

8. Sonraí le haghaidh loingseoireachta agus pleanáil turas ar uiscebhealaí intíre

Leis na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh sonraí maidir leis an loingseoireacht agus pleanáil turas ar uiscebhealaí intíre, i gcomhréir le hAirteagal 5, urramófar na prionsabail a leanas:

(a) faisnéis atá cothrom le dáta a sholáthar go tráthrialta agus, ar a laghad, nuair a tharlaíonn athruithe suntasacha ar chás an tseolbhealaigh ar féidir leo difear a dhéanamh don loingseoireacht;

(b) an fhaisnéis a leanas, ar a laghad, a chumhdach:

   (i) agaí feithimh tuartha ag loic, droichid (inaistrithe), calafoirt intíre;

   (ii) sonraí ar ghréasán uiscebhealaí na hEorpa atá riachtanach le haghaidh na loingseoireachta agus pleanáil turas ar uiscebhealaí intíre agus lena gcumhdaítear, ar a laghad, na híoscheanglais maidir le sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn I;

(iii) an leibhéal uisce, an doimhneacht is lú sondáil, an glanspás ceartingearach, an stádas baráiste má tá an loingseoireacht á blocáil, an córas, an leibhéal uisce tuartha, an doimhneacht thuartha is lú sondáil;

(iv) an cás ó thaobh oighir de agus an inseoltacht ghaolmhar nó rabhaidh adhaimsire eile;

(v) uaireanta oibriúcháin loc, droichead (inaistrithe), calafort intíre.

(c) faisnéis a sholáthar trí ECDIS intíre, trí fhógraí do scipéirí agus tríd an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann de réir mar is iomchuí.’.

# IARSCRÍBHINN III

‘IARSCRÍBHINN III

SONRAÍOCHTAÍ TEICNIÚLA MAIDIR LE

SEIRBHÍSÍ FAISNÉISE TRÁCHTA ABHANN

Is iad na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach san eagrán is déanaí den Chaighdeán Eorpach maidir le Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann (ES-RIS) arna ghlacadh ag CESNI na sonraíochtaí teicniúla is infheidhme maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann.’.